



An Bhruiséil, 24 Feabhra 2023
(OR. en)

6363/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0147(COD)**

**CONSOM 42
MI 107
COMPET 105
EF 46
ECOFIN 140
DIGIT 22
CODEC 180
CYBER 31**

NÓTA

ó: Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)

chuig: An Chomhairle

Uimh. an doic. 6065/23

roimhe seo:

Uimh. an doic. ón 9053/22 + ADD1-4
gCoim.:

Ábhar: Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS
ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2011/83/AE a bhaineann le
conarthaí seirbhísí airgeadais a thugtar i gcrích go cianda agus lena n-
aisghairtear Treoir 2002/65/CE
- Cur chuige ginearálta

I. RÉAMHRÁ

1. An 11 Bealtaine 2022, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/83/AE a mhéid a bhaineann le conarthaí seirbhísí airgeadais a thugtar i gcrích go cianda agus lena n-aisghairtear Treoir 2002/65/CE¹. Tá an togra bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

¹ 9053/22 + ADD 1-4.

2. Fógraíodh an t-athbhreithniú ar an Treoir reatha maidir le cianmhargú seirbhísí airgeadais tomhaltóirí² sa chlár oibre nua do thomhaltóirí ón gCoimisiún³ agus thacaigh an Chomhairle leis sna conclúidí gaolmhara uaithi⁴ d'fhonn cosaint tomhaltóirí a neartú.
3. Leis an togra déantar an creat ginearálta (ag gníomhú dó mar líontán sábhála) le haghaidh conarthaí seirbhísí airgeadais a thugtar i gcrích go cianda a nuashonrú agus a nuachóiriú tríd an gcreat reachtach atá i bhfeidhm a aisghairm agus gnéithe ábhartha de chearta tomhaltóirí a áireamh laistigh de raon feidhme na Treorach maidir le Cearta Tomhaltóirí is infheidhme go cothrománach⁵.
4. Is iad seo a leanas príomhchuspóirí an togra:
 - i) chun creat cuíchóirithe a sheasfaidh an aimsir le haghaidh seirbhísí airgeadais a thugtar i gcrích go cianda a áirithiú,
 - ii) chun cosaint níos fearr a chur ar fáil do thomhaltóirí sa timpeallacht dhigiteach,
 - iii) chun ualach nach bhfuil gá leis a laghdú agus cothrom iomaíochta a chur ar fáil do sholáthraithe seirbhísí airgeadais, agus ar an gcaoi sin soláthar trasteorann na seirbhísí sin a chothú.
5. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim an 21 Meán Fómhair 2022⁶.
6. I bParlaimint na hEorpa, is é an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) an coiste atá freagrach, agus tabharfaidh an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (ECON) a thuairim mar choiste comhlachaithe. Is í Arba Kokalari (PPE, an tSualainn) an rapóirtéir don chomhad. Tá vótáil Choiste IMCO ar an tuarascáil beartaithe don 27 agus don 28 Márta 2023.

² Treoir 2002/65/CE.

³ 12976/20 (COM(2020) 696 final).

⁴ 6364/21.

⁵ Treoir 2011/83/AE.

⁶ INT/994 – CESE-2022.

II. AN OBAIR A RINNEADH I GCOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE

7. An 30 Meitheamh 2022, le linn Uachtaránacht na Fraince, chuir an Coimisiún an togra agus an measúnú tionchair a ghabhann leis faoi bhráid na Meithle um Chosaint agus Faisnéis na dTomhaltóirí, agus rinneadh an chéad mhalartú tuairimí. Cuireadh tús le scrúdú airteagal ar airteagal ar an togra i mí Iúil 2022 faoi Uachtaránacht na Seicia, a chaith cúig chruinniú ar mhionscrúdú agus ar phlé ar an togra. Lean an Mheitheal den phlé ar an togra faoi Uachtaránacht na Sualainne (cruinniú amháin).
8. Chuir an Uachtaránacht sé thogra comhréitigh faoi bhráid na Meithle, a tarraingíodh suas ar bhonn barúlacha ó bhéal agus i scríbhinn ó na toscaireachtaí agus ar bhonn a bhfreagraí ar cheistneoirí spriocdhírthe. Le linn na hoibre sin, rinneadh an togra a oiriúnú d'fhonn freastal ar ábhair inní a chuir na Ballstáit in iúl, mar a leagtar amach i roinn III thíos. Rinneadh roinnt modhnuithe teicniúla freisin chun an téacs a shoiléiriú agus a chomhlánú i gcás inar ghá.
9. Léirítear sa téacs comhréitigh a leagtar amach san Iarscríbhinn iarrachtaí leanúnacha na hUachtaránachta ar chothromaíocht a bhaint amach idir seasaimh éagsúla na dtoscaireachtaí, agus cuspóirí an togra ón gCoimisiún á gcoimeád ag an am céanna. Léirítear athruithe ar an togra ón gCoimisiún le **cló trom le líne fúthu** agus/nó [...].
10. Ag an gcruinniú a bhí aige an 17 Feabhra 2023, d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe (Coreper) an téacs comhréitigh⁷ agus chomhaontaigh sé é a chur ar aghaidh chuig an gComhairle (Iomaíochas) an 2 Márta 2023, d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta. Tá ráitis tíolactha ag an Iodáil agus ag Lucsamburg, mar a leagtar amach iad in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo.

⁷ 6065/23.

III. ATHRUITHE AR AN TOGRA ÓN GCOIMISIÚN

11. Na príomhathruithe

a) Leibhéal an chomhchuibhithe

Cuspóir tábhachtach amháin den togra ón gCoimisiún is ea an t-ardleibhéal céanna cosanta do thomhaltóirí a áirithiú ar fud an mhargaidh aonair, agus ba cheart é sin a bhaint amach trí chomhchuibhiú iomlán. Le Treoir 2002, bhí na Ballstáit in ann dul níos faide ná an leibhéal cosanta do thomhaltóirí a bunaíodh ar leibhéal an Aontais maidir le faisnéis réamhchonarthach. I gcás na mBallstát a bhain leas as an rogha seo, chiallóidh an togra ón gCoimisiún go laghdófaí an leibhéal cosanta do thomhaltóirí. Dá bhrí sin, leis an téacs comhréitigh, tugtar an deis do na Ballstáit forálacha níos déine a chur i bhfeidhm sa réimse sin.

b) Raon feidhme – líontán sábhála

Mheas roinnt Ballstát go bhfuil sé ríthábhachtach a shoiléiriú conas a chomhlánaíonn forálacha na Treorach forálacha na reachtaíochta a bhaineann go sonrach le táirgí, mar shampla i gcás seirbhísí airgeadais a eisiatar go sainráite ó raon feidhme forálacha earnáilsonracha nó nach gcumhdaítear leo ach go páirteach. Ar mhaithe le deimhneacht dlíthiúil, mínítear a thuilleadh sa téacs comhréitigh an t-idirghníomhú idir an Treoir agus an reachtaíocht earnálach. Chun soiléireacht níos fearr a áirithiú don tomhaltóir agus chun nach gcuirfear sraitheanna éagsúla rialacha i bhfeidhm maidir le táirgí airgeadais den chineál céanna, cuireann an téacs comhréitigh ar chumas na mBallstát rogha a dhéanamh rialacha áirithe a bhaineann go sonrach le táirgí a chur i bhfeidhm maidir leis an gceart chun tarraingt siar i gcás táirgí airgeadais sonracha áirithe. Tugtar soiléiriú leordhóthanach sna haithrisí ina leith sin.

Ina theannta sin, sa téacs comhréitigh cuirtear forálacha (airteagail) eile den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí isteach a mbeidh feidhm acu maidir le conarthaí seirbhísí airgeadais, ar nós forálacha maidir le conarthaí teileafóin, díol gan iarraidh, tuairisciú agus an deis a bheith ag na Ballstáit ceanglais teanga a choimeád agus a thabhairt isteach sa dlí náisiúnta maidir le faisnéis réamhchonarthach.

c) Cnaipe tarraingt siar

Le cnaipe tarraingt siar, nó feidhm chomhchosúil, méadaítear ar fheasacht tomhaltóirí maidir lena gceart chun tarraingt siar agus maidir le saoráidí chun tarraingt siar as conradh. I gcás cianchonarthaí i gcoitinne, tá sé tábhachtach nach ngabhann ualach níos mó le tarraingt siar ón gconradh seachas dul isteach ann. Chun cosaint tomhaltóirí a neartú a thuilleadh, beartaítear sa téacs comhréitigh gan cur i bhfeidhm an chnaipe tarraingt siar a theorannú do sheirbhísí airgeadais. Ina ionad sin, moltar sa téacs na forálacha ábhartha a bhogadh go dtí an chaibidil ghinearálta den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí, rud a áiríteoidh raon feidhme cothrománach maidir le cur i bhfeidhm conarthaí a thugtar i gcrích go cianda. Ina theannta sin, moltar sa téacs comhréitigh roinnt athruithe teicniúla ar dhearadh an chnaipe tarraingt siar chun cur chun feidhme an chnaipe sin a éascú agus chun é a dhéanamh níos éasca do thomhaltóirí a gcearta a fheidhmiú.

d) Comhéadain ar líne

Scriostar sa téacs comhréitigh an fhoráil maidir le cosaint bhreise i ndáil le comhéadain ar líne, ar an bhforas go mbeadh sé an-deacair do na húdaráis tomhaltóirí a mheas ar sáraíodh an oibleagáid. I ndáil leis sin, d'fhéadfadh an reachtaíocht chothrománach ábhartha, mar shampla an Gníomh um an Intleacht Shaorga, an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha⁸ agus an Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha⁹ a bheith ina n-ionstraimí níos iomchuí chun na hoibleagáidí sin a rialáil.

In ionad na forála sin, cuireadh isteach clásal athbhreithniúcháin lena gceanglaítear ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag struchtúr, dearadh, feidhm nó modh oibriúcháin na gcomhéadan ar líne a úsáideann na trádálaithe ar chumas na dtomhaltóirí cinntí saora uathrialacha eolasacha a dhéanamh.

12. Athruithe tábhachtacha eile

- a) Nochtadh faisnéise: Is é is cuspóir do na hathruithe atá beartaithe oibleagáidí faisnéise réamhchonarthacha a nuachóiriú agus féachaint chuige go seasfaidh siad an aimsir.

⁸ Rialachán (AE) 2022/2065.

⁹ Treoir 2005/29/CE.

- b) Mínithe leordhóthanacha: Ós rud é gur féidir le conarthaí faoin Treoir a bheith de chineálacha éagsúla agus difríochtaí móra a bheith eatarthu, moltar sa téacs comhréitigh go mbeidh na Ballstáit in ann an bealach a dtugtar mínithe leordhóthanacha a chur in oiriúint do na himthosca ina dtairgtear an tseirbhís agus don ghá atá ag an tomhaltóir le cúnamh.
- c) Ailíniú le forálacha na Treorach maidir le Creidmheasanna Tomhaltóirí atá faoi chaibidil faoi láthair:
- Teorainn ama ar an gceart chun tarraingt siar: chun deimhneacht dhlíthiúil a neartú, beartaítear sa téacs comhréitigh teorainn ama a bhunú don cheart tarraingt siar sin, 12 mhí agus 14 lá go sonrach, más rud é nach bhfuair an tomhaltóir an fhaisnéis chonarthach i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos leis an Treoir, ach amháin i gcás nár cuireadh an ceart chun tarraingt siar féin in iúl don tomhaltóir.
 - Pionóis: beartaítear sa téacs comhréitigh deireadh a chur leis an gceanglas fineálacha d'uasmhéid 4 % ar a laghad de láimhdeachas bliantúil an trádálaí a ghearradh i gcás sárú tromchúiseach trasteorann.
- d) Trasuí: Foráiltear leis an téacs comhréitigh do thréimhse thrasuí níos faide chun dóthain ama a thabhairt don tionscal dul in oiriúint do rialacha nua an Aontais. Leis na 6 mhí bhreise, bheadh gnólachtaí in ann na hathruithe is gá a dhéanamh ar a gcórais TF agus a bpróisis a nuashonrú.

IV. CONCLÚID

13. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar an gComhairle (Iomaíochas) teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta ar bhonn an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn, agus sainordú a thabhairt don Uachtaránacht dul i mbun caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa.

2022/0147 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Treoir 2011/83/AE a mhéid a bhaineann le conarthaí seirbhísí airgeadais a
thugtar i gcrích go cianda agus lena n-aisghairtear Treoir 2002/65/CE**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

¹

...

²

...

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Treoir 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³ leagtar síos rialacha ar leibhéal an Aontais maidir le comhaontuithe creidmheasa tomhaltóirí agus seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin le haghaidh tomhaltóirí. Ag an am céanna, leagtar síos i dTreoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴, i measc rialacha eile, rialacha is infheidhme maidir le cianchonarthaí i ndáil le díol earraí agus soláthar seirbhísí a thugtar i gcrích idir trádálai agus tomhaltóir.
- (2) Foráiltear in Airteagal 169(1) agus i bpointe (a) d'Airteagal 169(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go rannchuideoidh an tAontas le hardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a bhaint amach trí bhearta a ghlactar de bhun Airteagal 114 de. Le hAirteagal 38 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an 'Chart') foráiltear go bhfuil ardleibhéal cosanta tomhaltóirí le háirithiú le beartais ón Aontas.
- (3) Faoi chuimsiú an mhargaidh inmheánaigh, chun saoirse rogha a chosaint agus chun muinín na dtomhaltóirí sa chiandíol a fheabhsú, tá gá le hardleibhéal cosanta do thomhaltóirí i réimse na gconarthaí seirbhísí airgeadais arna dtabhairt i gcrích go cianda.
- (4) Is trí chomhchuibhiú iomlán is fearr is féidir an t-ardleibhéal céanna cosanta do thomhaltóirí a áirithiú ar fud an mhargaidh inmheánaigh. Tá gá le comhchuibhiú iomlán chun a áirithiú go mbeidh leasanna na dtomhaltóirí uile san Aontas cosanta ar ardleibhéal agus ar leibhéal coibhéiseach agus chun margadh inmheánach dea-fheidhmiúil a chruthú. Dá bhrí sin, níor cheart a cheadú do na Ballstáit forálacha náisiúnta a choinneáil ar bun ná a thabhairt isteach seachas iad siúd a leagtar síos sa Treoir seo, a mhéid a bhaineann le gnéithe a chlúdaítear leis an Treoir seo, mura bhforáiltear a mhalairt sa Treoir seo. I gcás nach ann d'aon fhoráil chomhchuibhithe den sórt sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith saor i gcónaí chun reachtaíocht náisiúnta a choinneáil ar bun nó a thabhairt isteach.

³ Treoir 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2002 maidir le cianmhargú seirbhísí airgeadais tomhaltóirí agus lena leasaítear Treoir 90/619/CEE ón gComhairle agus Treoracha 97/7/CE agus 98/27/CE (IO L 271, 9.10.2002, lch. 16).

⁴ Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE (IO L 304, 22.11.2011, lch. 64).

- (5) Bhí Treoir 2002/65/CE faoi réir athbhreithnithe difriúla. Léirigh na hathbhreithnithe sin go bhfuil forluí suntasach ann le Treoir 2002/65/CE mar thoradh ar reachtaíocht an Aontais atá sonrach ó thaobh táirgí de a thabhairt isteach de réir a chéile agus gur chuir an digiteáil le roinnt gnéithe nach dtugtar aghaidh orthu go hiomlán leis an Treoir sin.
- (6) Rannchuidigh an digiteáil le forbairtí margaidh nár tuaradh tráth a glacadh Treoir 2002/65/CE. Go deimhin, tá athruithe suntasacha tagtha ar mhargadh na seirbhísí airgeadais de bharr na bhforbairtí tapa teicneolaíocha ó shin i leith. Cé gur glacadh go leor gníomhartha a bhaineann go sonrach le hearnáil faoi leith ar leibhéal an Aontais, tá forbairt agus éagsúlú suntasach déanta ar sheirbhísí airgeadais a chuirtear ar fáil do thomhaltóirí. Tháinig táirgí nua chun cinn, go háirithe sa timpeallacht ar líne, agus tagann forbairt leanúnach ar a n-úsáid, ar bhealach tapa neamhthuartha. I ndáil leis sin, tá cur i bhfeidhm cothrománach Threoir 2002/65/CE ábhartha i gcónaí. Mar thoradh ar Threoir 2002/65/CE a chur i bhfeidhm maidir le seirbhísí airgeadais do thomhaltóirí nach bhfuil á rialú ag reachtaíocht earnáil-shonrach de chuid an Aontais, is é a chiallaigh go bhfuil feidhm ag sraith rialacha comhchuibhithe maidir le leas tomhaltóirí agus trádálaithe. Cuidíonn an ‘líontán sábhála’ seo le hardleibhéal cosanta a áirithiú do thomhaltóirí agus cothrom iomaíochta a áirithiú idir trádálaithe ag an am céanna.
- (7) Chun aghaidh a thabhairt ar an bhfíric go bhfuil forluí suntasach sa reachtaíocht sin le Treoir 2002/65/CE mar thoradh ar reachtaíocht earnáilsonrach an Aontais a thabhairt isteach de réir a chéile agus go ndearnadh leis an digiteáil roinnt gnéithe nach dtugtar aghaidh orthu go hiomlán leis an Treoir a mhéadú, lena n-áirítear conas agus cathain ba cheart faisnéis a sholáthar don tomhaltóir, is gá athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha is infheidhme maidir le conarthaí seirbhísí airgeadais arna dtabhairt i gcrích go cianda idir tomhaltóir agus trádálaí, agus ag an am céanna cur i bhfeidhm na gné ‘líontán sábhála’ a áirithiú **maidir le seirbhísí airgeadais nach gcumhdaítear le reachtaíocht earnáilsonrach an Aontais, nó a eisiatar ó raon feidhme ghníomhartha an Aontais lena rialaítear seirbhísí airgeadais.**

- (8) Le Treoir 2011/83/AE, ar an gcaoi chéanna le Treoir 2002/65/CE, déantar foráil maidir le ceart chun faisnéise réamhchonarthaí agus ceart chun tarraingt siar le haghaidh conarthaí áirithe tomhaltóirí a thugtar i gcrích go cianda, ach faoi láthair ní chumhdaítear conarthaí seirbhísí airgeadais léi. Tá an chomhlántacht sin teoranta, áfach, ós rud é nach gcumhdaítear le Treoir 2011/83/AE seirbhísí airgeadais [...] **a shainmhínítear mar sheirbhísí de chineál baincéireachta, creidmheasa, árachais, pinsin phearsanta, infheistíochta nó íocaíochta. Sa chomhthéacs sin, ba cheart cuntas coigiltis tithíochta agus comhaontú creidmheasa tomhaltóirí a mheas mar sheirbhísí airgeadais. Níor cheart díol earraí mar mhiotail lómhara, diamaint, fíon nó uisce beatha a mheas *per se* mar sheirbhís airgeadais.**
- (9) Trí raon feidhme Threoir 2011/83/AE a leathnú chun seirbhísí airgeadais a thugtar i gcrích go cianda a chumhdach, ba cheart an chomhlántacht is gá a áirithiú. Mar sin féin, de bharr chineál ar leith na seirbhísí airgeadais do thomhaltóirí, go háirithe mar gheall ar a gcastacht, níl feidhm ag forálacha uile Threoir 2011/83/AE maidir le seirbhísí airgeadais tomhaltóirí a thugtar i gcrích go cianda. Ba cheart an tsoiléireacht agus an deimhneacht dhlíthiúil is gá a áirithiú le caibidil thiomnaithe ina mbeadh rialacha nach bhfuil infheidhme ach amháin maidir le conarthaí seirbhísí airgeadais tomhaltóirí a thugtar i gcrích go cianda.
- (9a) **Ní chumhdaítear leis an Treoir seo conarthaí seirbhíse airgeadais a thugtar i gcrích ar bhealach éigin eile seachas go cianda. Dá bhrí sin, is féidir leis na Ballstáit a chinneadh, i gcomhréir le dlí an Aontais, cé na rialacha is infheidhme maidir leis na conarthaí sin, lena n-áirítear trí na ceanglais a leagtar amach sa Treoir seo a chur i bhfeidhm maidir le conarthaí nach n-áirítear ina raon feidhme.**
- (10) Cé nár cheart feidhm a bheith ag forálacha uile Threoir 2011/83/AE maidir le conarthaí seirbhísí airgeadais a thugtar i gcrích go cianda mar gheall ar chineál sonrach na seirbhísí sin, ba cheart feidhm a bheith ag roinnt forálacha i dTreoir 2011/83/AE, amhail sainmhíniú ábhartha, rialacha maidir le híocaíochtaí breise, forfheidhmiú, [...] pionóis, **díol gan iarraidh agus tuairisciú**, maidir le conarthaí seirbhísí airgeadais a thugtar i gcrích go cianda. Áirithítear le cur i bhfeidhm na bhforálacha sin comhlántacht idir na cineálacha éagsúla conarthaí a thugtar i gcrích go cianda. Trí shíneadh a chur le cur i bhfeidhm na rialacha maidir le pionóis i dTreoir 2011/83/AE, áiríteofar gur féidir fineálacha éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha a fhorchur ar thrádálaithe [...].

- (11) Na rialacha sin de chuid Threoir 2002/65/CE atá fós ábhartha agus riachtanach, ba cheart iad a chur i gcaibidil ar leith i dTreoir 2011/83/AE, go háirithe rialacha maidir leis an gceart chun faisnéise réamhchonarthaí agus an ceart chun tarraingt siar, agus rialacha lena n-áirithítear cothroime ar líne nuair a thugtar conarthaí seirbhíse airgeadais i bhfad i gcrích.
- (12) Ós rud é gur trí mhodhanna leictreonacha is minice a thugtar conarthaí seirbhísí airgeadais i gcrích, ba cheart do rialacha maidir le cothroime ar líne a áirithiú agus seirbhísí airgeadais á gconrú go cianda rannchuidiú leis na spriocanna a leagtar síos in Airteagal 114 CFAE agus in Airteagal 38 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a bhaint amach. Leis an rialail maidir le mínithe leordhóthanacha, ba cheart trédhearcacht bhreise a áirithiú agus deis a thabhairt don tomhaltóir idirghabháil duine a iarraidh nuair a idirghníomhaíonn sé nó sí leis an trádálaí trí chomhéadain lán-uathoibrithe ar líne, [...] ar nós botai comhrá, uathchomhairle, uirlisí idirghníomhacha nó meáin [...] chomhchosúla. [...] Féadfaidh feidhm a bheith ag rialacha eile maidir le cothroime ar líne a áirithiú, mar a leagtar amach i ngníomhartha eile de chuid an Aontais iad, Rialachán 2022/2065/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵, mar shampla, i gcás ina ndéantar seirbhísí airgeadais a chonrú go cianda trí mhodh leictreonach. Ar mhaithe le hardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a áirithiú, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag struchtúr, dearadh, feidhm nó modh oibriúcháin na gcomhéadan ar líne a úsáideann na trádálaithe ar chumas na dtomhaltóirí cinneadh nó rogha saor uathrialach eolasach a dhéanamh. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don Choimisiún cleachtais a fhiosrú ar nós idirbhearta amaithe a dhéantar ar mhaithe le braistint phráinne i measc tomhaltóirí chun dlús a chur le tabhairt i gcrích conartha agus an úsáid a bhaintear as optamú praghsanna idirdhealaitheach bunaithe ar íogaireacht praghsanna aonair.

⁵ Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1)

- (13) Mar sin féin, tá seirbhísí áirithe airgeadais do thomhaltóirí á rialú ag reachtaíocht shonrach de chuid an Aontais, a leanann d’fheidhm a bheith aici maidir leis na seirbhísí airgeadais sin. I gcás ina bhfuil rialacha i ngníomh eile de chuid an Aontais lena rialaítear seirbhísí airgeadais sonracha maidir le faisnéis réamhchonarthach,⁶ [...] maidir leis an gceart chun tarraingt siar [...] **nó maidir le mínithe leordhóthanacha, agus gan beann ar an oiread mionsonraí atá sna rialacha sin,** ba cheart a shoiléiriú, chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, nach mbeadh feidhm maidir leis na seirbhísí airgeadais sonracha sin do thomhaltóirí ach ag na forálacha faoi seach de na gníomhartha eile sin de chuid an Aontais mura bhforáiltear a mhalairt iontu, **lena n-áirítear rogha shainráite a bheith ag na Ballstáit cur i bhfeidhm na rialacha sonracha sin a eisiamh. Sa chomhthéacs sin, aon uair a leagtar síos i ngníomh sonrach de chuid an Aontais rialacha lena dtugtar deis do na Ballstáit gan an gníomh sonrach sin de chuid Aontais a chur i bhfeidhm ach, ina ionad sin, tagairt a dhéanamh do chur i bhfeidhm gnímh shonraigh eile de chuid an Aontais, mar a dhéantar in Airteagal 3(3) a) de Threoir 2014/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhaontuithe creidmheasa do thomhaltóirí a bhaineann le maoin chónaithe dhochorraithe⁶, mar shampla, ba cheart forlámhas a bheith ag rialacha an ghnímh shonraigh sin de chuid Aontais, agus níor cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo. Ar an gcaoi chéanna, sna cásanna sin ina ndéantar foráil sa ghníomh sonrach de chuid an Aontais do rialacha a bhaineann le socruithe leordhóthanacha eile chun a áirithiú go bhfaighidh tomhaltóirí faisnéis thráthúil ag an gcéim réamhchonarthach, mar a dhéantar in Airteagal 3(5) de Threoir 2014/17/AE, mar shampla, ba cheart forlámhas a bheith ag na rialacha a leagtar síos sa ghníomh sonrach sin de chuid an Aontais agus níor cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo.**

⁶ **Treoir 2014/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí a bhaineann le maoin chónaithe dhochorraithe agus lena leasaítear Treoracha 2008/48/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 60, 28.2.2014, lch. 34).**

(13a) Maidir le faisnéis réamhchonarthach, cuimsítear, i ngníomhartha áirithe de chuid an Aontais lena rialaítear seirbhísí airgeadais sonracha, rialacha atá oiriúnaithe do na seirbhísí airgeadais sonracha sin agus atá ceaptha chun a áirithiú go mbeidh tomhaltóirí in ann buntréithe an chonartha atá beartaithe a thuiscint. Mar shampla, i Rialachán (AE) 2019/1238 maidir le Táirge Pinsin Phearsanta Uile-Eorpach (PEPP)⁷, i dTreoir 2014/92/AE maidir le hinchomparáideacht táillí a bhaineann le cuntais íocaíochta, le haistriú cuntas íocaíochta agus le rochtain ar chuntais íocaíochta a bhfuil gnéithe bunúsacha acu⁸, i dTreoir 2014/65/AE maidir le margaí in ionstraimí airgeadais⁹ nó i dTreoir (AE) 2016/97 maidir le dáileadh árachais¹⁰, déantar foráil d’fhaisnéis réamhchonarthach sa bhunghníomh sonrach de chuid an Aontais agus cuirtear ar chumas an Choimisiúin gníomhartha tarmligthe nó gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh freisin. Is iad na ceanglais maidir le faisnéis réamhchonarthach a leagtar síos i ngníomhartha den sórt sin de chuid an Aontais, agus na ceanglais sin amháin, ar cheart feidhm a bheith acu maidir leis na seirbhísí sonracha airgeadais sin do thomhaltóirí, mura bhforáiltear a mhalairt sna gníomhartha sin. Ba cheart é sin a bheith amhlaidh freisin i gcás ina soláthraíonn an gníomh de chuid an Aontais lena rialaítear seirbhísí airgeadais sonracha rialacha éagsúla nó íosta maidir le faisnéis réamhchonarthach i gcomparáid leis na rialacha a leagtar síos leis an Treoir seo.

⁷ IO L 198, 25.7.2019, lch. 1.

⁸ IO L 257, 28.8.2014, lch. 214.

⁹ Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lgh. 349-496).

¹⁰ Treoir (AE) 2016/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Eanáir 2016 maidir le dáileadh árachais (IO L 26, 2.2.2016, lgh. 19-59).

(13b) Maidir leis an gceart chun tarraingt siar, i gcás ina dtugtar i ngníomh an Aontais lena rialaítear seirbhísí airgeadais sonracha, am do thomhaltóirí impleachtaí an chonartha arna shíniú a bhreithniú, agus gan beann ar a dtugtar air i ngníomh sin an Aontais, is iad na forálacha faoi seach i ngníomh sin an Aontais, agus iad sin amháin, ar cheart feidhm a bheith acu maidir leis na seirbhísí sonracha airgeadais sin do thomhaltóirí, mura bhforáiltear a mhalairt sa ghníomh sin. Mar shampla, nuair a bhíonn feidhm ag Airteagal 186 de Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹, bíonn feidhm ag na rialacha a bhaineann leis an ‘tréimhse chealaithe’ a leagtar síos i dTreoir 2009/138/CE agus ní bhíonn feidhm ag na rialacha maidir leis an gceart chun tarraingt siar a leagtar síos sa Treoir seo agus nuair a bhíonn feidhm ag Airteagal 14(6) de Threoir 2014/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹², **bíonn feidhm ag na rialacha a bhaineann leis an bhféidearthacht rogha a dhéanamh idir an ceart chun tarraingt siar agus an tréimhse mhachnaimh a leagtar síos i dTreoir 2014/17/AE, agus ní bhíonn feidhm** ag na rialacha maidir leis an gceart chun tarraingt siar faoin Treoir seo [...].

¹¹ Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Atharachais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) (IO L 335, 17.12.2009, lch. 1).

¹² Treoir 2014/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí a bhaineann le maoin chónaithe dhaoine aistrithe agus lena leasaítear Treoracha 2008/48/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 60, 28.2.2014, lch. 34).

(13c) Ó thaobh rialacha maidir le mínithe leordhóthanacha de, [...] i ngníomhartha áirithe de chuid an Aontais lena rialaítear seirbhísí sonracha airgeadais, mar shampla Treoir 2014/17/AE maidir le comhaontuithe creidmheasa do thomhaltóirí a bhaineann le maoin chónaithe dhochorraithe¹³, **Treoir 2014/65/AE maidir le margaí in ionstraimí airgeadais¹⁴ agus Treoir (AE) 2016/97 maidir le dáileadh árachais¹⁵**, leagtar rialacha síos cheana féin maidir le mínithe leordhóthanacha a bheidh le cur ar fáil ag na trádálaithe do na tomhaltóirí i ndáil leis an gconradh atá beartaithe. Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, níor cheart feidhm a bheith ag na rialacha maidir le mínithe leordhóthanacha a leagtar amach sa Treoir seo maidir le seirbhísí airgeadais a thagann faoi ghníomhartha an Aontais lena rialaítear seirbhísí airgeadais sonracha ina bhfuil rialacha maidir [...] **le míniú leordhóthanach** atá le soláthar don tomhaltóir sula dtugtar an conradh i gcrích, **gan beann ar a dtugtar air i ngníomh sin an Aontais.**

¹³ Treoir 2014/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí a bhaineann le maoin chónaithe dhochorraithe agus lena leasaítear Treoracha 2008/48/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 60, 28.2.2014, lch. 34)

¹⁴ **Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lgh. 349-496).**

¹⁵ **Treoir (AE) 2016/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Eanáir 2016 maidir le dáileadh árachais (IO L 26, 2.2.2016, lgh. 19-59).**

(13d) I gcás ina ndéanann gníomhartha de chuid an Aontais lena rialaítear seirbhísí airgeadais sonracha foráil do rialacha maidir le faisnéis réamhchonarthach ach nach mbunaítear leo rialacha maidir leis an gceart chun tarraingt siar, ba cheart feidhm a bheith ag forálacha na Treorach seo maidir leis an gceart chun tarraingt siar. Mar shampla, i dTreoir 2009/138/CE maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Athárachais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II), leagtar amach rialacha i ndáil le ceanglais maidir le faisnéis réamhchonarthach ach, i dtaca le hárachas nach árachas saoil é, ní leagtar amach ceart lena dtugtar am don tomhaltóir impleachtaí an chonartha arna shíniú a bhreithniú. Sa chás sin, ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha maidir le faisnéis réamhchonarthach a leagtar síos i ngníomh an Aontais lena rialaítear seirbhísí airgeadais sonracha agus ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha maidir leis an gceart chun tarraingt siar mar a leagtar síos sa Treoir seo iad. I gcás nach bhfuil forálacha maidir le faisnéis faoin gceart chun tarraingt siar i ngníomh de chuid an Aontais lena rialaítear seirbhísí airgeadais sonracha, ba cheart don trádálaí an fhaisnéis sin a sholáthar i gcomhréir leis an Treoir seo chun feasacht chuí an tomhaltóra i ndáil leis an bhfaisnéis a áirithiú.

(13e) I gcás ina ndéantar, le gníomhartha de chuid an Aontais lena rialaítear seirbhísí airgeadais sonracha, foráil do rialacha maidir le faisnéis réamhchonarthach ach nach mbunaítear leo rialacha maidir leis an gceart chun tarraingt siar, ba cheart feidhm a bheith ag an tréimhse tarraingt siar a leagtar amach sa Treoir seo agus ba cheart di tosú ón lá a thugtar an cianchonradh i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 16b (1a) den Treoir seo, nó ón dáta a sholáthraítear na téarmaí agus na coinníollacha conarthacha agus an fhaisnéis réamhchonarthach i gcomhréir le gníomhartha an Aontais lena rialaítear na seirbhísí airgeadais sonracha sin, má sholáthraítear an fhaisnéis níos déanaí ná an lá a thugtar an cianchonradh i gcrích. I gcás nach bhfuil, i ngníomh de chuid an Aontais lena rialaítear seirbhísí airgeadais sonracha, forálacha maidir le faisnéis faoin gceart chun tarraingt siar, chun tús a bheith leis an tréimhse tarraingt siar, ba cheart don trádálaí, sa bhreis ar na téarmaí agus coinníollacha conarthacha agus faisnéis réamhchonarthach i gcomhréir leis an ngníomh de chuid an Aontais lena rialaítear na seirbhísí airgeadais sonracha sin, an fhaisnéis maidir leis an gceart chun tarraingt siar a leagtar amach sa Treoir seo a chur ar fáil freisin.

- (14) Nuair a dhéantar caibidlíocht ar chonarthaí maidir le seirbhísí airgeadais tomhaltóirí go cianda, úsáidtear modhanna cianchumarsáide mar chuid de scéim ciandíola nó de scéim soláthair seirbhíse gan an trádálaí agus an tomhaltóir beirt a bheith i láthair an tráth céanna. D'fhonn dul i ngleic le forbairt leanúnach na bprionsabal sin maidir le modhanna cumarsáide, ba cheart iad a shainiú atá bailí fiú amháin do na modhanna sin nach bhfuil in úsáid fhorleathan go fóill nó nach bhfuil ar eolas go fóill.
- (15) Féadfaidh conradh seirbhíse airgeadais amháin faoina ndéantar oibríochtaí comhleanúnacha nó sraith oibríochtaí ar leithligh den chineál céanna thar thréimhse ama a bheith faoi réir dhlí éagsúil sna Ballstáit dhifriúla, ach tá sé tábhachtach go gcuirfear na rialacha i bhfeidhm ar an gcaoi chéanna sna Ballstáit ar fad. Chuige sin, is iomchuí foráil a dhéanamh go mbeadh feidhm ag na forálacha lena rialaítear na conarthaí seirbhísí airgeadais a chuirtear i gcrích go cianda maidir leis an gcéad sraith d'oibríochtaí comhleanúnacha nó d'oibríochtaí ar leithligh den chineál céanna a dhéantar thar thréimhse ama a fhéadfar a mheas mar aon aonad amháin, gan beann ar cé acu atá an oibríocht sin nó an tsraith oibríochtaí sin ina n-ábhar aon chonartha amháin nó ina n-ábhar roinnt conarthaí comhleanúnacha nó nach bhfuil. **I gcás nach mbeidh aon chomhaontú tosaigh ann, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha lena rialaítear na conarthaí seirbhísí airgeadais arna dtabhairt i gcrích go cianda maidir le gach oibríocht chomhleanúnach nó gach oibríocht ar leithligh, cé is moite den fhaisnéis réamhchonarthach, nár cheart feidhm a bheith aici ach maidir leis an gcéad oibríocht.** Mar shampla, féadfar a mheas gur 'comhaontú seirbhíse tosaigh' é cuntas bainc a oscailt agus féadfar a mheas gur 'oibríochtaí' iad cistí a thaisceadh sa chuntas bainc nó a aistarraingt as. Ní 'oibríocht' ach conradh breise a bheidh ann i gcás ina gcuirfear eilimintí nua le comhaontú seirbhíse tosaigh, **mar shampla an fhéidearthacht ionstraim íocaíochta leictreonaí a úsáid in éineacht le cuntas bainc atá ann cheana. Le gníomhartha eile de chuid an Aontais lena rialaítear seirbhísí airgeadais sonracha, féadfar foráil a dhéanamh maidir le rialacha éagsúla le haghaidh comhaontuithe agus oibríochtaí tosaigh.**
- (16) Chun raon feidhme chur i bhfeidhm na Treorach seo a theorannú, níor cheart feidhm a bheith ag na rialacha a bhaineann le seirbhísí airgeadais tomhaltóirí a thugtar i gcrích go cianda maidir le seirbhísí a sholáthraítear ar bhonn ócáideach amháin agus lasmuigh de struchtúr tráchtála atá tiomnaithe do chianchonarthaí a thabhairt i gcrích.

- (17) Níor cheart srian nach bhfuil gá leis a bheith ar an bhfaisnéis a sholáthraítear don tomhaltóir de bharr modhanna cianchumarsáide a úsáid. Ar mhaithe le trédhearcacht, ba cheart na ceanglais a leagan síos chun a áirithiú nuair a bheidh an fhaisnéis le soláthar don tomhaltóir sula dtabharfar an cianchonradh do sheirbhísí airgeadais tomhaltóirí i gcrích agus conas ba cheart don tomhaltóir an fhaisnéis sin a fháil. Ionas go mbeidh siad in ann a gcinntí a dhéanamh agus láneolas acu ar na fíricí, ba cheart go bhfaigheadh tomhaltóirí an fhaisnéis [...] **in am trátha** roimh thabhairt i gcrích an chianchonartha. [...]
- (18) Ba cheart na ceanglais faisnéise a nuachóiriú [...] **agus féachaint chuige go seasfaidh siad an aimsir. Dá bhrí sin, ba cheart don trádálaí a uimhir theileafóin a chur in iúl don tomhaltóir, ach freisin a sheoladh ríomhphoist nó modhanna eile cumarsáide a d'fhéadfadh modhanna éagsúla cumarsáide a chuimsiú, chomh maith leis an bhfaisnéis faoin áit ar cheart gearáin a chur chuici. D'fhéadfadh na Ballstáit na ceanglais maidir leis an mbeartas láimhseála gearán a chinneadh. Ba cheart tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi na costais shonracha bhreise a bhaineann leis an modh cianchumarsáide a úsáid, lena n-áirítear, i gcás cumarsáid teileafóin, costais a ríomhtar ag ráta seachas an ráta bunúsach.** Ba cheart tomhaltóirí a chur ar an eolas go soiléir freisin nuair a dhéantar an praghas a chuirtear faoina mbráid a phearsantú ar bhonn próiseála uathoibrithe.

(18a) Faoi Threoir 2002/65/CE, d'fhéadfadh na Ballstáit forálacha níos déine maidir le ceanglais faisnéise roimh ré a choinneáil nó a thabhairt isteach i gcás ina mbeadh na forálacha i gcomhréir le dlí an Aontais. Tá ceanglais níos déine faisnéise coinnithe nó tugtha isteach ag roinnt Ballstát sa chomhthéacs sin. Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann go fóill leibhéal níos airde cosanta a chur ar fáil do thomhaltóirí i ndáil leis na rialacha maidir le faisnéis réamhchonarthach. Ba cheart feidhm a bheith aige sin maidir leis an gcatalóg faisnéise agus maidir leis na bealaí chun faisnéis a chur i láthair araon. Le cur i bhfeidhm rialacha níos déine, féadfar a áireamh freisin cur i bhfeidhm na gceanglas a leagtar amach i ngníomhartha de chuid an Aontais a bhaineann le seirbhísí airgeadais sonracha maidir le seirbhísí airgeadais nach gcumhdaítear leis na gníomhartha earnála seo de chuid an Aontais.

(19) [...]

(20) [...]

(20a) Ba cheart don trádálaí an fhaisnéis réamhchonarthach uile a sholáthar in am trátha sula mbeidh an tomhaltóir faoi cheangal ag an gcianchonradh nó aon thairiscint chomhfhreagrach, ionas go mbeidh go leor ama ag an tomhaltóir chun cinneadh eolasach a dhéanamh. Ba cheart an fhaisnéis a sholáthar ar mheán marthanach agus ar bhealach a bheidh éasca don tomhaltóir a thuiscint agus i bhformáid inléite. Ciallaíonn formáid inléite go n-úsáidtear clónna inléite, méid inléite agus dathanna nach laghdaíonn sothuigtheacht na faisnéise, lena n-áirítear nuair is sna dathanna dubh agus bán amháin a chuirtear an doiciméad i láthair nó i gcló nó a ndéantar fótachóip de. Mura féidir an fhaisnéis a sholáthar ar mheán marthanach roimh thabhairt i gcrích an chonartha mar gheall ar na meáin a roghnaigh an tomhaltóir, ba cheart í a sholáthar láithreach tar éis an conradh a thabhairt i gcrích.

(21) Ba cheart na ceanglais faisnéise a oiriúnú chun na srianta teicniúla a bhaineann le meáin áirithe a chur san áireamh, amhail srianta ar líon na gcarachtar ar scáileáin áirithe teileafón soghluaiste. I gcás scáileáin fón póca, nuair atá inneachar agus cur i láthair an chomhéadain ar líne saincheaptha ag an trádálaí do na gléasanna sin, ní mór an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar ar an mbealach is feiceálaí agus is túisce: faisnéis maidir le haitheantas an trádálaí, príomhthréithe sheirbhís airgeadais an tomhaltóra, an praghas iomlán atá le híoc ag an tomhaltóir leis an trádálaí as seirbhís airgeadais an tomhaltóra, lena n-áirítear na cánacha ar fad a íoctar tríd an trádálaí nó, nuair nach féidir praghas beacht a léiriú, an bonn ar a ríomhtar an praghas lena gcuirtear ar chumas an tomhaltóra é a fhíorú, agus an ceart chun tarraingt siar a bheith ann nó as, lena n-áirítear na coinníollacha, an teorainn ama agus na nósanna imeachta chun an ceart sin a fheidhmiú. D'fhéadfadh an chuid eile den fhaisnéis a bheith **srathach** [...]. Mar sin féin, ní mór an fhaisnéis ar fad a sholáthar sula dtabharfar an cianchonradh i gcrích.

- (22) Agus faisnéis réamhchonarthach á cur ar fáil trí mheán leictreonach, ba cheart an fhaisnéis sin a chur i láthair ar bhealach soiléir sothuigthe. I ndáil leis sin, d'fhéadfaí an fhaisnéis a aibhsiú, a cheapadh agus a chur i gcomhthéacs go héifeachtach laistigh den scáileán taispeána. Maidir le teicníc an tsrathaithe, trína measfar ceanglais áirithe maidir le faisnéis réamhchonarthach a bheith ina bpríomheilimintí agus, dá bhrí sin, go gcuirtear iad go feiceálach ar an gcéad sraith agus go gcuirtear codanna mionsonraithe eile den fhaisnéis réamhchonarthach i láthair i sraitheanna tionlacain, rinneadh tástáil uirthi agus cruthaíodh go bhfuil sí úsáideach do sheirbhísí airgeadais áirithe [...]. Agus úsáid á baint as teicníc an tsrathaithe de bhun na Treorach seo, ba cheart don trádálaí an méid a leanas a sholáthar ar an gcéad sraith de na modhanna leictreonacha ar a laghad: aitheantas agus príomhghnó an trádálaí, príomhthréithe na seirbhíse airgeadais, an praghas iomlán atá le híoc ag an tomhaltóir, fógra go bhféadfadh cánacha nó costais eile a bheith ann agus ceart chun tarraingt siar a bheith ann nó gan é a bheith ann. D'fhéadfaí na ceanglais eile maidir le faisnéis réamhchonarthach a thaispeáint i sraitheanna eile. Nuair a úsáidtear srathú, ba cheart rochtain éasca a bheith ag an tomhaltóir ar an bhfaisnéis go léir. Le húsáid sraitheanna tionlacain níor cheart aird an chustaiméara a tharraingt ó ábhar an doiciméid ná faisnéis bhunriachtanach a cheilt. Ba cheart a bheith in ann gach cuid den fhaisnéis réamhchonarthach a phriontáil in aon doiciméad amháin.
- (22a) Is bealach féideartha eile chun faisnéis réamhchonarthach a sholáthar [...] trí mhodh leictreonach an cur chuige 'clár ábhar' trí úsáid a bhaint as ceannteidil inleathnaithe. Ar an leibhéal is airde, d'fhéadfadh tomhaltóirí teacht ar na príomhthopaicí, agus beidh siad in ann gach ceann díobh a leathnú trí chliceáil air, ionas go mbeidh na tomhaltóirí dírithe ar chur i láthair níos mionsonraithe den fhaisnéis ábhartha. Ar an gcaoi sin, tá an fhaisnéis ar fad is gá ag an tomhaltóir in aon áit amháin, agus smacht á choinneáil aige ar an méid ar cheart athbhreithniú a dhéanamh air agus cathain a dhéanfar sin. Ba cheart an deis a bheith ag tomhaltóirí an doiciméad faisnéise réamhchonarthach go léir a íoslódáil agus é a shábháil mar dhoiciméad neamhspleách.

- (23) Ba cheart ceart chun tarraingt siar a bheith ag tomhaltóirí gan phionós agus gan aon oibleagáid a bheith orthu bonn cirt a thabhairt. Níor cheart feidhm a bheith ag an gceart chun tarraingt siar maidir le seirbhísí airgeadais a mbraitheann a bpraghas ar luaineacht sa mhargadh airgeadais nach bhfuil neart ag an trádálaí uirthi. D'fhéadfadh táirgí áirithe eile, amhail roinnt táirgí pinsin nó táirgí infheistíochta atá árachasbhunaithe, a bheith nasctha le hionstraimí margaidh airgeadais agus, dá réir sin, d'fhéadfaidís a bheith ag brath ar luaineachtaí sa mhargadh airgeadais. Nuair a bhíonn an ceart ag an tomhaltóir tarraingt siar as na conarthaí sin, ba cheart caillteanas luacha féideartha na n-ionstraimí margaidh airgeadais a chur san áireamh sa mhéid is iníoctha leis an tomhaltóir. Nuair nach bhfuil feidhm ag an gceart chun tarraingt siar toisc gur iarr an tomhaltóir go sainráite go gcomhlíonfar cianchonradh roimh dhul in éag na tréimhse tarraingt siar, ba cheart don trádálaí é sin a chur in iúl don tomhaltóir sula gcuirtear tús le feidhmiú an chonartha.
- (23a) Ba cheart an tréimhse tarraingt siar dul in éag 14 lá féilire tar éis an fhaisnéis réamhchonarthach agus na téarmaí agus na coinníollacha conarthacha araon a sholáthar. Chun deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú, mura mbeidh an fhaisnéis réamhchonarthach sin agus na téarmaí agus na coinníollacha conarthacha sin faighte ag an tomhaltóir, ba cheart an tréimhse tarraingt siar dul in éag 12 mhí agus 14 lá féilire ar a dhéanaí tar éis an cianchonradh a thabhairt i gcrích. Níor cheart don tréimhse tarraingt siar dul in éag mura gcuireadh an tomhaltóir ar an eolas faoin gceart chun tarraingt siar ar mheán marthanach.
- (24) Chun feidhmiú éifeachtach an chirt chun tarraingt siar a áirithiú, níor cheart go mbeadh an nós imeachta chun an ceart sin a fheidhmiú níos déine ná an nós imeachta chun an cianchonradh a shíniú.

- (25) [...] De bhreis ar mhodh eile tarraingt siar atá ann cheana chun, amhail an fhoirm a leagtar síos in Iarscríbhinn 1(B) den Treoir seo, i gcás ina dtairgeann an trádálaí an fhéidearthacht cianchonarthaí a thabhairt i gcrích trí chomhéadan ar líne, trí shuíomh gréasáin nó trí fheidhmchlár, mar shampla, ba cheart é a bheith d'oibleagáid air a chur ar chumas an tomhaltóra tarraingt siar as an gconradh sin trí cnaipe nó trí fheidhm chomhchosúil ar an gcomhéadan céanna sin. Ba cheart a áirithiú leis sin gur féidir le tomhaltóirí tarraingt siar as an gconradh chomh héasca agus is féidir leo é a thabhairt i gcrích. Chuige sin, ní mór don trádálaí, ar an gcomhéadan ar líne ar a dtugtar an Conradh i gcrích, cnaipe nó feidhm chomhchosúil a chur ar fáil a léiríonn go bhféadfaí tarraingt siar. Ba cheart cead a bheith ag an tomhaltóir an ráiteas tarraingt siar a dhéanamh agus an fhaisnéis a chur ar fáil nó a dheimhniú atá riachtanach chun an Conradh a shainaithint. Mar shampla, d'fhéadfadh tomhaltóir a shainaithin iad féin cheana, mar shampla trí logáil isteach, a bheith in ann a dheimhniú cén tseirbhís ar mian leo tarraingt siar uathí gan gá a bheith lena n-ainm a sholáthar agus leis an gconradh a shainaithint. Chun nach dtarraingeoidh an tomhaltóir siar ón gconradh de thionóisc, ba cheart an ráiteas tarraingt siar a chur isteach trí úsáid a bhaint as cnaipe deimhniúcháin. Má d'ordaigh an tomhaltóir earraí nó seirbhísí iomadúla laistigh den chianchonradh céanna, féadfaidh an trádálaí an deis a thabhairt don tomhaltóir tarraingt siar ó chuid den chonradh.

Chun úsáid [...] éifeachtach an chnaipe tarraingt siar a áirithiú, ba cheart don trádálaí a áirithiú go bhfuil sé ar fáil le linn na tréimhse tarraingt siar, go bhfuil sé infheicthe agus go bhfuil rochtain éasca air agus, nuair a úsáideann an tomhaltóir an cnaipe, ba cheart don trádálaí an úsáid sin a dhoiciméadú go leordhóthanach. Leis an gcnaipe tarraingt siar nó le feidhm chomhchosúil, ba cheartfeasacht tomhaltóirí a mhéadú maidir lena gceart chun tarraingt siar agus simpliú a dhéanamh ar an bhféidearthacht tairbhe a bhaint as an gceart sin. Tá sé sin tábhachtach nuair a bhíonn ciandíol i gceist i gcoitinne. Sna cásanna sin, cé acu a bhaineann sé le táirgí nó seirbhísí airgeadais nó neamhairgeadais, níl an deis ag an tomhaltóir mínithe a fháil i bpearsa, an t-earra nó an tseirbhís a thástáil agus a iniúchadh, i gcás inarb iomchuí, a mhéid is gá chun cineál, saintréithe agus feidhmiú an earra nó na seirbhíse a shuíomh, nó chun foghlaim i bpearsa ar bhealach eile faoi chineál táirge nó seirbhís a d'fhéadfadh a bheith casta nó fairsing. Dá bhrí sin, chun feabhas a chur ar na deiseanna do thomhaltóirí conarthaí a scor trí bhíthin tarraingt siar, ba cheart an oibleagáid sin a leagan síos ní hamháin do chianchonarthaí le haghaidh seirbhísí airgeadais, ach freisin do chianchonarthaí le haghaidh earraí agus seirbhísí eile i gcás ina bhforáiltear le dlí an Aontais do cheart chun tarraingt siar .

- (26) De bhreis ar an bhfaisnéis réamhchonarthach a chuirfidh an trádálaí ar fáil dóibh, d'fhéadfadh cúnamh a bheith ag teastáil **fós** ó thomhaltóirí chun a chinneadh cén tseirbhís airgeadais is oiriúnaí dá riachtanais agus dá staid airgeadais. **Le míniú leordhóthanach a sholáthar, féachtar lena áirithiú go dtuigeann an tomhaltóir an tseirbhís airgeadais a thairgeann an trádálaí sula síníonn sé nó sí an conradh. D'fhéadfadh sé nár leor gan ach an fhaisnéis réamhchonarthach a atáirgeadh agus ba cheart é a sheachaint ansin.** Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, sula dtugtar conradh seirbhíse airgeadais i gcrích go cianda, go soláthraíonn trádálaithe an cúnamh sin i ndáil leis na seirbhísí airgeadais a chuireann siad ar fáil don tomhaltóir, trí mhínithe leordhóthanacha a sholáthar [...], ar mínithe iad **a bhaineann le saintréithe [...]** **an chonartha bheartaithe, lena n-áirítear na seirbhísí coimhdeacha féideartha, agus na héifeachtaí sonracha a fhéadfaidh a bheith ag an gconradh beartaithe ar an tomhaltóir. Maidir le buntréithe an chonartha atá beartaithe, ba cheart don trádálaí príomhghnéithe na tairisceana a mhíniú, amhail an praghas iomlán atá le híoc ag an tomhaltóir leis an trádálaí agus tuairisc ar bhuntréithe na seirbhíse airgeadais, agus a tionchar ar an tomhaltóir, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, an féidir nó nach féidir na seirbhísí coimhdeacha a fhoirceannadh ar leithligh, agus iarmhairtí an fhoirceanta sin. Maidir le héifeachtaí sonracha an chonartha atá beartaithe, ba cheart don trádálaí míniú a thabhairt freisin ar na príomhiarmhairtí a bhaineann le neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí conarthacha.**
- (26a) D'fhéadfadh sé gur de chineálacha éagsúla airgeadais na conarthaí a thagann faoin Treoir seo agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh éagsúlacht mhór a bheith eatarthu. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh na Ballstáit an bealach a dtugtar na mínithe sin a oiriúnú do na himthosca ina dtairgtear an tseirbhís airgeadais agus don ghá atá ag an tomhaltóir le cúnamh, agus eolas agus taithí an tomhaltóra ar sheirbhís airgeadais agus ar a cineál á gcur san áireamh.

(26b) Tá tábhacht ar leith ag baint leis an oibleagáid maidir le mínithe leordhóthanacha a thabhairt nuair a bheartaíonn tomhaltóirí conradh seirbhíse airgeadais a thabhairt i gcrích go cianda agus nuair a thugann an trádálaí mínithe trí uirlisí ar líne mar shampla **botai comhrá, uathchomhairle, uirlisí idirghníomhacha nó modhanna comhchosúla**. Chun a áirithiú go dtuigeann an tomhaltóir na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an gconradh ar a staid eacnamaíoch, ba cheart go mbeadh an tomhaltóir in ann an idirghabháil dhaonna a dhéantar thar ceann an trádálaí a fháil i gcónaí, **saor in aisce, le linn uaireanta gnó an trádálaí**.

(27) [...]

(28) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2011/83/AE a leasú dá réir sin.

(29) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2002/65/CE a aisghairm.

- (30) Ó tharla nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo, eadhon rannchuidiú le feidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaigh trí leibhéal ard cosanta tomhaltóra a thabhairt, a ghnóthú go leordhóthanach agus, dá bhrí sin, gur fearr is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (31) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin¹⁶, ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir codanna de threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. I ndáil leis an Treoir seo measann an reachtóir go bhfuil údar cuí le doiciméid den sórt sin a tharchur,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

¹⁶ IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.

Airteagal 1
Leasuithe ar Threoir 2011/83/AE

Leasaítear Treoir 2011/83/AE mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas (1b) isteach:

‘(1b) Ní bheidh feidhm **ach** ag Airteagail 1 agus 2, Airteagal 3(2), (5) agus (6), Airteagal 4, **Airteagal 6(7), Airteagal 6a, Airteagal 8(6), Airteagal 11a,** Airteagail 16a go [...] **16d**, Airteagal 19, Airteagail 21 go 23, Airteagal 24(1), [...] Airteagail 25 [...] **go [...] 27 agus Airteagal 29** maidir le cianchonarthaí a thugtar i gcrích idir trádálaí agus tomhaltóir chun seirbhísí airgeadais a sholáthar.

Cé is moite d’Airteagal 21, [...] i gcás ina gcuimsíonn conarthaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír comhaontú seirbhíse tosaigh a ndéantar, le himeachta ama, oibríochtaí comhleanúnacha nó sraith oibríochtaí ar leithligh den chineál céanna ina dhiaidh, ní bheidh feidhm ag na forálacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír ach amháin maidir leis an gcomhaontú tosaigh.

I gcás nach ndéantar aon chomhaontú seirbhíse tosaigh ach ina ndéantar na hoibríochtaí comhleanúnacha nó na hoibríochtaí ar leithligh den chineál céanna le himeacht ama leis na páirtithe conarthacha céanna, ní bheidh feidhm ag Airteagal 16a ná ag Airteagal 16d ach amháin maidir leis an gcéad oibríocht. Sa chás nach ndéantar aon oibríocht den chineál céanna ar feadh tréimhse níos faide ná bliain amháin, áfach, measfar gurb í an chéad oibríocht i sraith nua oibríochtaí í an chéad oibríocht eile, agus, dá réir sin, beidh feidhm ag Airteagal 16a agus Airteagal 16d.’

b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d) i mír 3:

‘(d) le haghaidh seirbhísí airgeadais, **seachas cianchonarthaí** [...] a chumhdaítear le hAirteagal 3(1b).’

(1a) In Airteagal 6, mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):

‘(h) i gcás ina bhfuil ceart chun tarraingt siar ann, na coinníollacha, an teorainn ama agus na nósanna imeachta maidir leis an gceart sin a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 11(1), chomh maith leis an bhfoirm shamplach tarraingt siar a leagtar amach in Iarscríbhinn I(B), agus, i gcás inarb infheidhme, faisnéis faoin gcnaipe tarraingt siar nó faoi feidhm chomhchosúil dá dtagraítear in Airteagal 11d a bheith ann agus a shuíomh;’

(1b) Cuirtear an tAirteagal 11a seo a leanas isteach:

‘Airteagal 11a

Feidhmiú an chirt chun tarraingt siar as cianchonarthaí arna dtabhairt i gcrích trí chomhéadan ar líne

1. **I gcás cianchonarthaí a thugtar i gcrích trí chomhéadan ar líne, áiríteoidh an trádálaí gur féidir leis an tomhaltóir tarraingt siar as an gconradh ar an gcomhéadan ar líne céanna sin trí chnaipe nó feidhm chomhchosúil a úsáid.**

Déanfar an cnaipe nó feidhm chomhchosúil a lipéadú ar bhealach inléite agus beidh na focail ‘tarraingt siar as an gconradh anseo’ ann nó foirmliú comhfhreagrach gan débhrí. Cuirfear an cnaipe tarraingt siar nó feidhm chomhchosúil ar an gcomhéadan ar líne ar bhealach feiceálach agus beidh rochtain éasca ag an tomhaltóir air.

2. **Trí úsáid a bhaint as an gcnaipe nó as feidhm chomhchosúil, beidh an tomhaltóir in ann an ráiteas tarraingt siar a dhéanamh tríd an bhfaisnéis seo a leanas a chur ar fáil nó a dhearbhu:**

(a) **ainm an tomhaltóra;**

b) **sainaithint an chonartha;**

(c) **sonraí maidir leis an modh leictreonach trína seolfar dearbhú an tarraingt siar chuig an tomhaltóir.**

3. Cuirfear an ráiteas tarraingt siar isteach trí úsáid a bhaint as cnaipe dearbhúcháin nó feidhm chomhchosúil.

Déanfar an cnaipe dearbhúcháin nó feidhm chomhchosúil a lipéadú ar bhealach inléite agus beidh na focail ‘tarraing siar anois’ ann nó foirmliú comhfhreagrach gan débhrí.

4. A luaithe a úsáidfí an tomhaltóir an cnaipe dearbhúcháin nó feidhm chomhchosúil, gheobhaidh an tomhaltóir dearbhú go huathoibríoch go bhfuil an ráiteas tarraingt siar curtha isteach, lena n-áirítear an dáta agus am an tíolactha.
5. Déanfaidh an trádálaí ábhar an ráitis tarraingt siar a dhearbhu don tomhaltóir gan moill mhíchuí, lena n-áirítear an dáta agus an t-am a fuarthas é, ar mheán marthanach.’

(2) cuirtear an Chaibidil seo a leanas isteach:

‘CAIBIDIL IIIa

RIALACHA A BHAINNEANN LE CIANCHONARTHAÍ LE hAGHAIDH SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS [...]

Airteagal 16a

Ceanglais faisnéise maidir le cianchonartai le haghaidh seirbhísí airgeadais [...]

1. Sula mbeidh an tomhaltóir faoi cheangal ag cianchonradh, nó ag aon tairiscint chomhfhreagrach, tabharfaidh an trádálaí an fhaisnéis seo a leanas don tomhaltóir ar bhealach soiléir sothuigte ar aon bhealach is iomchuí le haghaidh an mhodh cianchumarsáide a úsáidtear:
- (a) céannacht agus príomhghnó an trádálaí agus, i gcás inarb infheidhme, céannacht agus príomhghnó an trádálaí a bhfuil sé ag gníomhú thar a cheann;

- b) an seoladh geografach ag a bhfuil an trádálaí bunaithe mar aon le **huimhir ghutháin agus seoladh ríomhphoist an trádálaí nó mionsonraí faoi mhodh eile cumarsáide arna chur ar fáil ag an trádálaí [...], agus i gcás inarb infheidhme, modh cumarsáide an trádálaí a bhfuil sé ag gníomhú thar a cheann**; leis na modhanna cumarsáide uile sin a sholáthraíonn an trádálaí cuirfear ar chumas an tomhaltóra dul i dteagmháil leis an trádálaí go tapa agus cumarsáid a dhéanamh leis go héifeachtúil **agus ráthófar leo gur féidir leis an tomhaltóir aon chomhfhreagras i scríbhinn leis an trádálaí a choinneáil ar mheán marthanach**; [...]
- (c) [...] **faisnéis faoin** áit ar féidir leis an tomhaltóir aon ghearáin a sheoladh **chuig an trádálaí, agus i gcás inarb infheidhme, chuig an trádálaí a bhfuil sé ag gníomhú thar a cheann**;
- d) i gcás ina bhfuil an trádálaí cláraithe i gclár trádála nó i gclár poiblí den sórt céanna, an [...] clár inar cláraíodh an trádálaí agus an chlárúimhir nó an modh coibhéiseach aitheantais sa chlár sin;
- (e) i gcás ina bhfuil gníomhaíocht an trádálaí faoi réir scéim údarúcháin, [...] **ainm, seoladh, suíomh gréasáin agus aon fhaisnéis theagmhála eile** an údaráis maoirseachta is ábhartha;
- (f) cur síos ar phríomhghnéithe na seirbhíse airgeadais;

- (g) an praghas iomlán atá le híoc ag an tomhaltóir leis an trádálaí ar an tseirbhís airgeadais, na táillí, na muirir agus na costais ar fad lena mbaineann san áireamh, agus na cánacha ar fad arna n-íoc tríd an trádálaí nó, nuair nach féidir teacht ar phraghas beacht, an bonn le haghaidh an praghas a ríomh a chuirfidh ar chumas an tomhaltóra é a fhíorú;
- (h) i gcás inarb infheidhme, go ndearnadh an praghas a phearsantú bunaithe ar chinnteoireacht uathoibrithe;
- (i) i gcás [...] inarb **infheidhme**, fógra go mbaineann an tseirbhís airgeadais le hionstraimí a bhfuil rioscaí speisialta ag gabháil leo a bhaineann lena gcuid sainghnéithe nó na hoibríochtaí arna ndéanamh nó i gcás ina mbraitheann praghas na n-ionstraimí sin ar luaineachtaí sna margaí airgeadais nach bhfuil smacht ag an trádálaí orthu agus [...] **nach** táscairí ar bith iad na feidhmíochtaí roimhe seo le haghaidh na bhfeidhmíochtaí a bheidh ann amach anseo;
- (j) fógra gur féidir go bhfuil cánacha [...] nó costais eile ann nach n-íoctar tríd an trádálaí nó nach é an trádálaí a fhorchuireann iad;
- (k) aon teorannuithe ar an tréimhse ar lena linn atá an fhaisnéis arna cur ar fáil **i gcomhréir leis an mír seo** bailí;
- (l) na socruithe íocaíochta agus feidhmíochta;
- (m) aon chostais bhreise shonracha, **seachas an bunráta**, ar an tomhaltóir as bheith ag úsáid modh cianchumarsáide **chun an conradh a thabhairt i gcrích**, [...] más é **go ngearrtar** a leithéid de chostais bhreise;
- (n) [...]
- (o) [...]

- (p) cé acu ann nó as an ceart chun tarraingt siar agus, i gcás ina bhfuil an ceart sin chun tarraingt siar ann, an fad a mhairfidh an tréimhse agus na coinníollacha a ghabhann lena fheidhmiú, lena n-áirítear faisnéis faoin méid a d'fhéadfaí a cheangal ar an tomhaltóir a íoc **i gcomhréir le hAirteagal 16c(1) agus nósanna imeachta chun an ceart chun tarraingt siar a fheidhmiú, *inter alia*, seoladh nó sonraí an mhodha cumarsáide a bhaineann leis an ráiteas tarraingt siar a sheoladh, agus le haghaidh conarthaí airgeadais arna dtabhairt i gcrích trí chomhéadan ar líne, faisnéis faoin gcnaipe tarraingt siar nó feidhm chomhchosúil a bheith ann agus a shuíomh, dá dtagraítear in Airteagal 11a** [...];
- (q) **i gcás inarb infheidhme,** íosfhad thréimhse an chianchonartha i gcás seirbhísí airgeadais nach mór a dhéanamh go buan nó arís agus arís eile;
- (r) faisnéis faoi aon chearta a bhféadfadh na páirtithe a bheith acu chun an conradh a fhoirceannadh go luath nó go haontaobhach de bhua théarmaí an chianchonartha, lena n-áirítear aon phionóis arna bhforchur ag an gconradh sin i gcásanna den sórt sin;
- (s) [...]
- (t) aon chlásal conarthach ar dhlí is infheidhme maidir leis an gcianchonradh [...];
- (u) an teanga, nó na teangacha, a úsáidtear leis na téarmaí agus coinníollacha conarthacha, agus an fhaisnéis roimhe seo dá dtagraítear san Airteagal seo, a chur ar fáil, agus sa bhreis air sin, an teanga, nó na teangacha, ina ndéanfaidh an trádálaí, ar chomhaontú leis an tomhaltóir, cumarsáid leis an tomhaltóir le linn fhad [...] **an** chianchonartha;

- (v) nuair is infheidhme, an fhéidearthacht dul i muinín sásra gearán agus sásaimh lasmuigh den chúirt, a mbeidh an trádálaí faoina réir agus na modhanna chun rochtain a fháil ar an sásra sin[...];

(x) cistí ráthaíochta nó socruithe cúitimh eile a bheith ann, nach gcumhdaítear le Treoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le scéimeanna ráthaithe taiscí agus le Treoir 97/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Márta 1997 maidir le scéimeanna cúitimh d’infheisteoirí.

2. I gcás cumarsáid ghutháin, cuirfear aitheantas an trádálaí agus cuspóir tráchtála an ghlaio arna chur ag an trádálaí in iúl go soiléir ag tús aon chomhrá leis an tomhaltóir.

Tabharfaidh an trádálaí fógra don tomhaltóir freisin nuair a thaifeadfar an glao nó nuair a fhéadfar go dtaifeadfar é.

[...]

De mhaolú ar mhír 1, má aontaíonn an tomhaltóir go sainráite, féadfaidh an trádálaí gan ach an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a), (f), (g), (i) agus (p) den mhír sin a sholáthar. Sa chás sin, cuirfidh an trádálaí an tomhaltóir ar an eolas faoi chineál agus infhaighteacht na faisnéise eile dá dtagraítear i mír 1 [...].

3. Cuirfidh an trádálaí an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 [...] ar fáil **in am trátha** sula mbeidh an tomhaltóir faoi cheangal ag aon chianchonradh **nó ag aon tairiscint chomhfhreagrach**.

[...]

4. **Soláthrófar** an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 [...] don tomhaltóir ar mheán marthanach agus [...] **beidh** sé éasca le léamh [...].

Cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 ar fáil, arna iarraidh sin, i bhformáid iomchuí do thomhaltóirí faoi mhíchumas, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil lagú amhairc orthu.

- 4a.** Cé is moite den fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (f), (g), **(i)**, agus (p), ceadófar don trádálaí faisnéis a shrathú i gcás ina gcuirfear ar fáil í trí mheán leictreonach.

I gcás [...] ina roghnaíonn an trádálaí an fhaisnéis **a shrathú**, beidh sé indéanta an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 **a fheiceáil, a shábháil agus** a phriontáil mar dhoiciméad aonair amháin. **Áiritheoidh an trádálaí go dtabharfar an fhaisnéis réamhchonarthach uile dá dtagraítear i mír 1 don tomhaltóir ina iomláine sula dtabharfar an cianchonradh i gcrích.**

[...]

[...]

4b. De mhaolú ar mhíreanna (3) agus (4a), má tugadh an Conradh i gcrích arna iarraidh sin don tomhaltóir trí mhodh cianchumarsáide a fhágann nach féidir an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar i gcomhréir le mír 4 in am trátha sula mbeidh an tomhaltóir faoi cheangal ag an gCianchonradh nó aon tairiscint chomhfhreagrach, soláthróidh an trádálaí an fhaisnéis sin i gcomhréir le mír 4 díreach tar éis an Conradh a thabhairt i gcrích.

5. Maidir leis na ceanglais faisnéise a leagtar síos sa Chaibidil seo a chomhlíonadh, is ar an trádálaí a bheidh an dualgas cruthúnais.

5a. Féadfaidh na Ballstáit forálacha níos déine maidir le ceanglais faisnéise a ghlacadh nó a choinneáil ar bun ná na forálacha dá dtagraítear san Airteagal seo.

6. I gcás ina bhfuil rialacha i ngníomh eile de chuid an Aontais lena rialaítear seirbhísí airgeadais sonracha maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar don tomhaltóir sula dtabharfar an Conradh i gcrích, ní bheidh feidhm maidir leis na seirbhísí airgeadais sonracha sin ach ag [...] **rialacha** an ghnímh sin de chuid an Aontais, **gan beann ar a mhionsonraithe atá rialacha sin**, mura bhforáiltear a mhalairt sa ghníomh sin.

I gcás nach bhfuil rialacha maidir le faisnéis faoin gceart chun tarraingt siar i ngníomh eile de chuid an Aontais lena rialaítear seirbhísí airgeadais sonracha, cuirfidh an trádálaí an tomhaltóir ar an eolas faoi cheart den sórt sin a bheith ann nó as i gcomhréir le hAirteagal 16a(1), pointe (p).

Article 16b

Ceart chun tarraingt siar as cianchonarthaí le haghaidh seirbhísí airgeadais

1. Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go mbeidh tréimhse 14 lá féilire ag an tomhaltóir chun tarraingt siar as conradh gan phionós agus gan cúis a thabhairt. **Cuirfear síneadh 30 lá féilire leis an tréimhse sin i gcás cianchonarthaí a bhaineann le hoibríochtaí pinsin phearsanta.**

Tosóidh an tréimhse tarraingt siar dá dtagraítear sa chéad fhomhír ó cheann de na laethanta seo a leanas:

- (a) an lá a thugtar an cianchonradh i gcrích,
- b) an lá a fhaigheann an tomhaltóir na téarmaí agus na coinníollacha conarthacha agus an fhaisnéis i gcomhréir le hAirteagal 16a, más déanaí an lá sin ná an dáta i bpointe (a) den fhomhír seo.

Mura bhfuil téarmaí agus coinníollacha an chonartha agus an fhaisnéis faighte ag an tomhaltóir i gcomhréir le hAirteagal 16a, rachaidh an tréimhse tarraingt siar in éag 12 mhí agus 14 lá féilire tar éis an conradh a thabhairt i gcrích. Ní bheidh feidhm aige sin i gcás nár cuireadh an tomhaltóir ar an eolas ar chor ar bith faoina cheart chun tarraingt siar i gcomhréir le hAirteagal 16a(1), pointe (p).

2. Ní bheidh feidhm ag an gceart chun tarraingt siar maidir leis an méid seo a leanas:

(a) [...] seirbhísí airgeadais a mbraitheann a bpraghsanna ar luaineachtaí sa mhargadh airgeadais nach bhfuil smacht ag an trádálaí orthu, a d'fhéadfadh tarlú le linn na tréimhse tarraingt siar, amhail seirbhísí a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- malairt eachtrach; [...]
- **ionstraimí margaidh airgid;**
- urrúis inaistrithe;
- aonaid i ngnóthais chomhinfeistíochta;
- conarthaí todhchaíochtaí airgeadais, lena n-áirítear ionstraimí coibhéiseacha airgeadsocraithe;
- comhaontuithe ar réamhrátaí úis (FRA);
- babhtálacha rátaí úis, airgeadra agus cothromais;
- roghanna chun aon ionstraimí dá dtagraítear sa phointe seo a fháil nó a dhiúscairt lena n-áirítear ionstraimí coibhéiseacha airgeadsocraithe. Áirítear ar an gcatagóir seo roghanna maidir le rátaí airgeadra agus rátaí úis go háirithe;
- cripteashócmhainní [...];

b) polasaithe taistil agus polasaithe árachais bagáiste nó polasaithe árachais gearrthéarmacha den chineál céanna nach faide ná aon mhí amháin iad;

(c) conarthaí a bhfuil a bhfeidhmiú curtha i gcrích go hiomlán acu ag an dá pháirtí ar iarratas sainráite an tomhaltóra sula bhfeidhmeoidh an tomhaltóir a cheart chun tarraingt siar.

3. Beidh an tomhaltóir tar éis a cheart chun tarraingt siar a fheidhmiú laistigh den tréimhse tarraingt siar dá dtagraítear i mír 1 má sheoltar an teachtaireacht maidir le feidhmiú an chirt chun tarraingt siar nó má **úsáideann** an tomhaltóir an cnaipe tarraingt siar **nó feidhm chomhchosúil** dá dtagraítear in [...] **Airteagal 11a** [...] sula rachaidh an tréimhse sin in éag.
4. Beidh an tAirteagal seo gan dochar d’aon riail sa dlí náisiúnta lena mbunaítear tréimhse nach bhféadfar tús a chur le comhlíonadh an chonartha lena linn.
5. [...]
- [...]
- [...]

5a. I gcás ina soláthraíonn an trádálaí nó an tríú páirtí seirbhís choimhdeach a bhaineann leis an gciianchonradh le haghaidh seirbhíse airgeadais ar bhonn comhaontú idir an tríú páirtí sin agus an trádálaí, déanfar an conradh coimhdeach sin a fhoirceannadh, gan aon phionós a ghearradh ar an tomhaltóir, má fheidhmíonn an tomhaltóir a cheart chun tarraingt siar i gcomhréir leis an Airteagal seo.

6. I gcás ina bhfuil rialacha maidir leis an [...] gceart chun tarraingt siar i ngníomh eile de chuid an Aontais lena rialaítear seirbhísí airgeadais sonracha, ní bheidh feidhm ach ag rialacha an ghnímh sin de chuid an Aontais maidir le ceart chun tarraingt siar i ndáil leis na seirbhísí airgeadais sonracha sin, mura bhforáiltear a mhalairt sa ghníomh sin. **I gcás ina bhfuil rogha ag na Ballstáit roghnú idir an ceart chun tarraingt siar agus rogha mhalartach, amhail tréimhse mhachnaimh, ní bheidh feidhm ach ag rialacha comhfhreagracha an ghnímh sin de chuid an Aontais maidir leis na seirbhísí airgeadais sonracha sin, mura bhforáiltear dá mhalairt sa ghníomh sin.**

6a. De mhaolú ar an Airteagal seo, féadfaidh na Ballstáit a roghnú, ina ionad sin, na forálacha seo a leanas a chur i bhfeidhm maidir leis na seirbhísí airgeadais seo a leanas i ndáil leis an gceart chun tarraingt siar nó tréimhse mhachnaimh:

- a) **Airteagal 14(6) de Threoir 2014/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁷ maidir le comhaontuithe creidmheasa atá díolmhaithe ón raon feidhme de réir Airteagal 3(2) de Threoir 2014/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus**
- b) **Airteagal 14 agus Airteagal 15 de Threoir 2008/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁸ – maidir le comhaontuithe creidmheasa atá díolmhaithe ón raon feidhme de réir Airteagal 2(2) de Threoir 2008/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.**

¹⁷ **Treoir 2014/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí a bhaineann le maoin chónaithe dhochorraithe agus lena leasaítear Treoracha 2008/48/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 60, 28.2.2014, lch. 34).**

¹⁸ **Treoir 2008/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 87/102/CEE ón gComhairle (IO L 133, 22.5.2008, lch. 66).**

Article 16c

Íocaíocht na seirbhíse a soláthraíodh roimh an tarraingt siar

1. I gcás ina bhfeidhmeoidh an tomhaltóir an ceart chun tarraingt siar faoi Airteagal 16b, féadfar a cheangal ar an tomhaltóir íoc, gan aon mhoill mhíchúí, as an tseirbhís a sholáthar an trádálaí i gcomhréir leis an gcianchonradh, agus as an tseirbhís sin amháin. Maidir leis an méid is iníoctha:
 - (a) ní bheidh sé níos mó ná an méid atá i gcoibhneas le méid na seirbhíse a soláthraíodh cheana féin i gcomparáid le cumhdach iomlán an chianchonartha;
 - b) in aon chás, ní bheidh sé de mhéid a bhféadfaí tuiscint as gur pionós é.

1a. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh nach féidir a cheangal ar an tomhaltóir aon mhéid a íoc agus é ag tarraingt siar as conradh árachais.

2. Ní fhéadfaidh an trádálaí ceangal a chur ar an tomhaltóir aon mhéid a íoc ar bhonn mhír 1 den Airteagal seo ach amháin más féidir leis an trádálaí a chruthú gur cuireadh an méid is iníoctha in iúl go cuí don tomhaltóir, i gcomhréir le hAirteagal 16a(1), pointe (p). Ní fhéadfaidh an trádálaí ceangal a chur ar an tomhaltóir an íocaíocht sin a dhéanamh, áfach, in aon cás, má tá tús curtha ag an trádálaí le feidhmiú an chonartha sula mbeidh an tréimhse tarraingt siar dá bhforáiltear in Airteagal 16b(1) imithe in éag gan toiliú an tomhaltóra a fháil roimh ré.
3. Maidir le haon suim airgid atá faighte ag an trádálaí ón tomhaltóir i gcomhréir leis an gcianchonradh, tabharfaidh an trádálaí ar ais don tomhaltóir í gan aon mhoill mhíchúí agus tráth nach déanaí ná 30 lá féilire, cé is moite den mhéid dá dtagraítear i mír 1. Tosóidh an tréimhse seo an lá a fhaigheann an trádálaí an fógra tarraingt siar.
4. Tabharfaidh an tomhaltóir aon suim airgid atá faighte aige ón trádálaí ar ais dó gan aon mhoill mhíchúí agus tráth nach déanaí ná 30 lá féilire. Tosóidh an tréimhse sin ón lá a sheolfaidh an tomhaltóir an fógra maidir leis an tarraingt siar.

Airteagal 16d

Mínithe leordhóthanacha

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gceanglófar ar thrádálaithe mínithe leordhóthanacha a sholáthar maidir leis an tomhailt sna conarthaí seirbhísí airgeadais atá beartaithe agus lena gcuirtear ar chumas an tomhaltóra a mheas an bhfuil an conradh atá beartaithe agus na seirbhísí coimhdeacha oiriúnaithe dá riachtanais agus dá staid airgeadais. Áireofar na heilimintí seo a leanas sna mínithe:
 - (a) an fhaisnéis réamhchonarthach a cheanglaítear;
 - b) saintréithe bunriachtanacha an chonartha atá beartaithe, lena n-áirítear na seirbhísí coimhdeacha a d'fhéadfadh a bheith ann;
 - (c) na héifeachtaí sonracha a fhéadfaidh a bheith ag an gconradh beartaithe ar an tomhaltóir [...].
2. [...]

2a. Sonróidh na Ballstáit an bealach a dtabharfar agus a mhéid a thabharfar na mínithe dá dtagraítear i mír 1, agus féadfaidh siad iad a oiriúnú d'imthosca an cháis ina dtairgtear an tseirbhís airgeadais, don duine dá dtairgtear í agus do chineál na seirbhíse airgeadais a thairgtear.

3. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina n-úsáidfídh an trádálaí uirlisí ar líne, go mbeidh sé de cheart ag an tomhaltóir idirghabháil dhaonna a iarraidh agus a fháil **ag gach céim den phróiseas caibidlíochta agus/nó den chaidreamh conarthach.**
4. I gcás ina bhfuil, i ngníomh eile de chuid an Aontais lena rialaítear seirbhísí airgeadais sonracha, rialacha maidir le **mínithe leordhóthanacha** [...] atá le soláthar don tomhaltóir, **ní bheidh feidhm maidir leis na seirbhísí airgeadais sonracha sin ach ag na rialacha maidir le mínithe leordhóthanacha i ngníomh sin an Aontais , mura bhforáiltear a mhalairt sa ghníomh sin** [...].’

Airteagal 16e

[...]

[...]

(3) In Airteagal 29, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

- 1. I gcás ina mbainfidh Ballstát úsáid as aon cheann de na roghanna rialála dá dtagraítear in Airteagal 3(4), Airteagal 6(7), Airteagal 6(8), Airteagal 7(4), Airteagal 8(6), Airteagal 9(1a), Airteagal 9(3), Airteagal 16(2), Airteagal 16(3), [...] Airteagal 16a(5a) agus Airteagal 16b(6a), cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin faoin [dáta an trasuí], agus faoi athruithe ar bith ina dhiaidh sin.’**

(4) In Airteagal 30, cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

‘Faoi [5 bliana óna teacht i bhfeidhm], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar chur i bhfeidhm na Treorach seo maidir leis na cianchonarthaí le haghaidh seirbhísí airgeadais faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Áireofar sa tuarascáil sin go háirithe measúnú ar sholáthar seirbhísí airgeadais trí chomhéadan ar líne lena n-áirítear éifeachtaí struchtúr, dhearadh, fheidhm nó mhodh oibriúcháin na gcomhéadan ar líne ar chumas an tomhaltóra cinntí a dhéanamh. Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil, i gcás inar gá, chun an Treoir seo a oiriúnú don fhorbairt i réimse chearta na dtomhaltóirí.’

Airteagal 2

Trasuí

1. Na dlíthe, rialúcháin nó na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú laistigh de [24 mhí óna nglacadh] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón [an dáta tar éis 24+6 mhí tar éis an ghlactha].

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 3

Aisghairm

Aisghairtear Treoir 2002/65/CE le héifeacht ón [24+6 mhí ón nglacadh].

Is mar thagairtí do Threoir 2011/83/AE, arna leasú leis an Treoir seo, a dhéanfar tagairtí don Treoir aisghairthe a fhorléiriú agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 5

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

Iarscríbhinn a ghabhann leis an IARSCRÍBHINN

Tábla Comhghaoil

Treoir 2002/65/CE	Treoir 2011/83/AE, arna leasú leis an Treoir seo
Airteagal 1(1)	-
Airteagal 1(2), an chéad fhomhír	Airteagal 3(1b), an dara fhomhír
Airteagal 1(2), an dara fhomhír	-
Airteagal 2, pointe (a)	Airteagal 2, pointe (7)
Airteagal 2, pointe (b)	Airteagal 2, pointe (12)
Airteagal 2, pointe (c)	Airteagal 2, pointe (2)
Airteagal 2, pointe (d)	Airteagal 2, pointe (1)
Airteagal 2, pointe (e)	Airteagal 2, pointe (7)
Airteagal 2, pointe (f)	Airteagal 2, pointe (10)
Airteagal 2, pointe (g)	-
Airteagal 3(1)	Airteagal 16a(1)
Airteagal 3(1), pointe 1(a), (b) agus (c)	Airteagal 16a(1), pointe (a) agus (b)
Airteagal 3(1), pointe 1(d)	Airteagal 16a(1), pointe (d)
Airteagal 3(1), pointe 1(e)	Airteagal 16a(1), pointe (e)
Airteagal 3(1), pointe 2(a)	Airteagal 16a(1), pointe (f)
Airteagal 3(1), pointe 2(b)	Airteagal 16a(1), pointe (g)
Airteagal 3(1), pointe 2(c)	Airteagal 16a(1), pointe (i)
Airteagal 3(1), pointe 2(d)	Airteagal 16a(1), pointe (j)
Airteagal 3(1), pointe 2(e)	Airteagal 16a(1), pointe (k)
Airteagal 3(1), pointe 2 (f)	Airteagal 16a(1), pointe (l)
Airteagal 3(1), pointe 2 (g)	Airteagal 16a(1), pointe (m)
Airteagal 3(1), pointe 3(a)	Airteagal 16a(1), pointe (p)
Airteagal 3(1), pointe 3(b)	Airteagal 16a(1), pointe (q)
Airteagal 3(1), pointe 3(c)	Airteagal 16a(1), pointe (r)
Airteagal 3(1), pointe 3(d)	Airteagal 16a(1), pointe (s)

Treoir 2002/65/CE	Treoir 2011/83/AE, arna leasú leis an Treoir seo
Airteagal 3(1), pointe 3(e)	-
Airteagal 3(1), pointe 3(f)	Airteagal 16a(1), pointe (t)
Airteagal 3(1), pointe 3(g)	Airteagal 16a(1), pointe (u)
Airteagal 3(1), pointe 4(a)	Airteagal 16a(1), pointe (v)
Airteagal 3(1), pointe 4(b)	-
Airteagal 3(2)	-
Airteagal 3(3), pointe (a)	Airteagal 16a(2), an chéad fhomhír
Airteagal 3(3), pointe (b) an chéad fhleasc, an dara fleasc, an tríú fleasc agus an cúigiú fleasc	Airteagal 16a(2), an dara fhomhír
Airteagal 3(3), pointe (b), an ceathrú fleasc	-
Airteagal 3(3), an dara fhomhír	Airteagal 16a(2), an tríú fhomhír
Airteagal 3(4)	-
Airteagal 4(1) agus (5)	Airteagal 16a(6)
Airteagal 4 (2), (3), (4)	-
Airteagal 5(1)	Airteagal 16a(3), an chéad fhomhír agus (4), an chéad fhomhír
Airteagal 5(2)	-
Airteagal 5(3)	-
Airteagal 6(1), an chéad fhomhír, an chéad abairt	Airteagal 16b(1), an chéad fhomhír
Airteagal 6(1), an chéad fhomhír, an dara habairt	-
Airteagal 6(1), an dara fhomhír, an chéad fhleasc	Airteagal 16b(1), an dara fhomhír, pointe (a)
Airteagal 6(1), an dara fhomhír, an dara fleasc	Airteagal 16b(1), an dara fhomhír, pointe (b)
Airteagal 6(1), an tríú fhomhír	-
Airteagal 6(2), pointe (a)	Airteagal 16b(2), pointe (a)
Airteagal 6(2), pointe (b)	Airteagal 16b(2), pointe (b)
Airteagal 6(2), pointe (c)	Airteagal 16b(2), pointe (c)
Airteagal 6(3), (4), (5), (6), (7) agus (8)	-

Treoir 2002/65/CE	Treoir 2011/83/AE, arna leasú leis an Treoir seo
Airteagal 7(1), foclaíocht réamhráiteach	Airteagal 16c(1), foclaíocht réamhráiteach
Airteagal 7(1), an chéad fhleasc	Airteagal 16c(1), pointe (a)
Airteagal 7(1), an dara fleasc	Airteagal 16c(1), pointe (b)
Airteagal 7(2)	-
Airteagal 7(3)	Airteagal 16c(2)
Airteagal 7(4)	Airteagal 16c(3)
Airteagal 7(5)	Airteagal 16c(4)
Airteagal 9	-
Airteagal 10	-
Airteagal 11, an chéad fhomhír agus an tríú fhomhír	Airteagal 24(1)
Airteagal 11, an dara fhomhír	-
Airteagal 12(1)	Airteagal 25, an chéad fhomhír
Airteagal 12(2)	-
Airteagal 13(1)	Airteagal 23(1)
Airteagal 13(2)	Airteagal 23(2)
Airteagal 13(3)	-
Airteagal 14	-
Airteagal 15	-
Airteagal 16	-
Airteagal 17	-
Airteagal 18	-
Airteagal 19	-
Airteagal 20	-
Airteagal 21	-
Airteagal 22	-
Airteagal 23	-